Coimisiún na Meán

# Pacáiste Eolais

Treoirlínte d’iarratasoirí maidir le coinneáil sábháilte ar líne le linn toghchán

Aibreán 2026

I gcomhphairtíocht leis an nGarda Síochána

# Maidir le Coimisiún na Meán



## Is é Coimisiún na Meán an ghníomhaireacht in Éirinn a fhorbraíonn agus a rialaíonn earnáil na meán atá faoi bhláth, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa.




Tá sé de chuspóir ag ár gCreat Sábháilteachta ar Líne athruithe iompraíochta a bhaint de na hardáin. Tá sé de chumas ag an gCreat pionóis láidre a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear fíneálacha suntasacha, nuair a sháraítear rialacha. Ar cheann dár bpríomhthosaíochtaí ná **Daonlathas a Thacú** agus luachanna daonlathais a chur chun cinn.

www.cnam.ie

Tá sé mar aidhm ag an bpacáiste seo eolas a chur ar fáil d’iarratasóirí a bheidh ag seasamh sa toghchán in Éirinn. De réir an taighde atá déanta againn, tá a fhios againn go bhféadfadh sé a bheith dushlánach ar iarratasóirí agus go bhféadfaí díobháil a dhéanamh dóibh ar líne.

Cuirtear comhairle ar fáil sa phacáiste seo faoin méid a d’fhéadfá a dhéanamh nuair a fheiceann tú ábhar díobhálach agus/nó mídhleathach ar líne. Cuirtear eolas ar fáil faoin ról is féidir le Coimisiún na Meán agus an Garda Síochána a ghlacadh chun tacú leat ina leith sin.

Breathnaítear ar chásanna féideartha, chomh maith le do chearta ann freisin, m.sh sa chás go mbaineann ardán do phostáil anuas mar gheall ar a gcaighdeáin phobail nó a dtéarmaí agus coiníollacha a shárú, más fíor.

# Céard é Creat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann?

Coimisiún na Meán

Le Creat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann, beidh seirbhísí digiteacha freagrach as an gcaoi a gcosnaíonn siad daoine ar dhíobháil fhéideartha ar líne nó ar nochtadh d'ábhar mídhleathach ar líne.

Tagann trí phíosa reachtaíochta éagsúla le chéile chun an Creat a chruthú. Is é ról Choimisiún na Meán ná na trí dhlí seo a chur i bhfeidhm.

- Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha an Aontais Eorpaigh (DSA)
- An tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 (Cód Sábháilteachta ar Líne)
- Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne

Is féidir tuilleadh eolas mionsonraithe faoin gCreat Sábháilteachta ar Líne a fháil ag www.cnam.ie/online-safety.



# Achoimre ar a bhfuil le déanamh nuair a thagann ábhar mídhleathach/dochrach os do chomhair

Coimisiún na Meán

Má thagann ábhar **mídhleathach** chun cinn duit ar líne, ba cheart duit é a **thuairisciú** ar an ardán. Féach sleamhnán 14 chun tuiscint a fháil ar roinnt samplaí a d'fhéadfadh a bheith mídhleathach in Éirinn. Féach sleamhnán 13 chun tuiscint a fháil ar an gcaoi le hábhar mídhleathach a thuairisciú.

Más rud é go bhfuil rud éigin díobhálach, ach nach bhfuil sé mídhleathach, d'fhéadfadh sé a bheith ina shárú ar **rialacha an ardáin** nó ina shárú ar chaighdeáin an phobail, agus is féidir leat é a thuairisciú ar an ardán freisin (féach sleamhnán 11).

Mar iarrthóir toghcháin, tá eolas agus tacaíocht ar chuid de na hardáin mhóra duit maidir lena n-iarrachtaí chun ionracas toghcháin a choinneáil ar bun (féach sleamhnán 28).

A luaithe a thuairiscíonn tú ábhar díobhálach nó mídhleathach, ní mór don ardán **cinneadh** a chur ar fáil duit maidir leis an gcaoi ar dhéileáil sé le do thuairisc, agus fáthanna a leagan amach lena chinneadh. Caithfidh an cinneadh a bheith tráthúil.

Ní mór don ardán a chur in iúl duit freisin má chuir siad **srian le d'ábhar**, mar shampla d'ábhar a bhaint, a chur as feidhm nó ísliú céime a thabhairt dó.

Más rud é go bhfuil tú míshásta lena gcinneadh tar éis tuairisc a dhéanamh nó srian a bheith curtha le d'ábhar, is féidir leat an cinneadh sin a **achomharc** ar an ardán. Tá sé de cheart agat freisin dul i dteagmháil le Comhlachtaí Deimhnithe um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt (ODS) (sleamhnán 22)

! Má tá eagla ort faoi do shábháilteacht **láithreach**, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána ar 999 nó ar 112

Má cheapann tú gur theip ar an ardán na céimeanna seo a dhéanamh, is féidir leat **gearán** a dhéanamh le Coimisiún na Meán (sleamhnán 19). Má tá ceist agat agus má theastaíonn uait teagmháil a dhéanamh linn i gcaitheamh na tréimhse toghcháin, tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe cruthaithe againn is féidir a úsáid chun é sin a chur in iúl dúinn – politicalrep@cnam.ie. Tabharfaimid tús áite do fhreagraí chuig an seoladh ríomhphoist sin (sleamhnán 19).

# Cásanna féideartha
# Cad is féidir liom a dhéanamh anois?

# Cásanna féideartha

Coimisiún na Meán

1

Nuair a bhí mé i mbun canbhasála, bhagair daoine feargacha go ndéanfaidís dochar dom, agus nuair a chuaigh mé ar líne níos déanaí chonaic mé postálacha bagracha ag rá ‘Tá a fhios agam cá bhfuil cónaí ort’, agus go mbeadh ‘aiféala orm’ dá leanfainn le m’fheachtas. Creidim gur bagairtí dáiríre iad. Cad a dhéanfaidh mé?

Má tá eagla ort faoi do shábháilteacht **láithreach**, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána ar 999 nó ar 112.

Tabhair faoi deara – i gcás ina bhfuil bagairt ar bheatha, gairtear freagra faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ‘Ceart chun na Beatha’, lena gcuirtear oibleagáid ar údaráis céimeanna cuí a ghlacadh chun duine a chosaint má tá a bheatha i mbaol.

Ar an dara dul síos, d’fhéadfadh cuid de na teachtaireachtaí ar líne sin a bheith mídhleathach.

Sula ndéanfaidh tú teagmháil le Coimisiún na Meán, ba cheart duit na teachtaireachtaí sin a thuairisciú don ardán mar ábhar mídhleathach, má mheasann tú go bhfuil siad mídhleathach.#

Mura n-aontaíonn tú leis an bhfreagra ón ardán, ba cheart duit gearán/achomharc a chur chucu. Is féidir leat freisin díospóid a dhéanamh ar chinntí ardáin le Comhlacht Deimhnithe um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Dhúirt (ODS). Mura bhfaigheann tú freagra ón ardán, nó mura ligeann sé duit achomharc a dhéanamh, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán mar d’fhéadfadh sé sin a bheith i gcoinne na rialacha.

2

Baineadh físeán ar líne d’óráid a thug mé agus níor tugadh aon chúis dom ina leith. Ní raibh mé sásta le cinneadh an ardáin agus níor tugadh aon deis dom achomharc a dhéanamh ina leith. An féidir liom tuairisciú do Choimisiún na Meán?

Is féidir, sa chás seo, tuairisc a dhéanamh do Choimisiún na Meán. De réir an Chreata Sábháilteachta ar Líne, ní mór d’ardán ráiteas a thabhairt duit ina luaitear na cúiseanna ar cuireadh srianta áirithe ar do chuntas, chomh maith le próiseas achomhairc mura bhfuil tú sásta lena chinntí. Mura ndéanann sé amhlaidh, nó mura dtugann sé cúiseanna soiléire agus sainiúla leis, tá na rialacha á sárú aige agus ba mhaith le Coimisiún na Meán a bheith ar an eolas faoi seo.

Nuair a sheolann tú ríomhphost chuig Coimisiún na Meán, bheadh seatanna scáileáin nó URLanna ina gcuidiú chun aon chomhfhreagras a fuair tú ón ardán a léiriú, chomh maith le haon fhianaise a léiríonn nár tugadh deis duit achomharc a dhéanamh.

Tá an rogha agat freisin dul i dteagmháil le Comhlachtaí Deimhnithe um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt (OSD).

# Cásanna féideartha

Coimisiún na Meán

3

Chonaic mé íomhá ionramháilte díom ar líne (ie. Domhainbhrionnú). Is grianghraf díom ag ócáid phoiblí é ach ní raibh mé ann. Tá imní orm nach mbeidh a fhios ag daoine gur íomhá bhréige atá inti agus go ndéanfadh sé sin díobháil do mo sheansanna sa toghchán. An féidir liom tuairisciú do Choimisiún na Meán?

Má fheiceann tú ‘domhainbhrionnú’ ar líne, ba cheart é a bheith lipéadaithe go soiléir nó marcanna iomchuí a bheith air lena léiriú gur domhainbhrionnú atá ann. Faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, tá treoirlínte sainiúla a moltar d’ardáin ollmhóra agus innill chuardaigh áirithe cloí leo chun rioscaí do thoghcháin a mhaolú. Luaitear sna treoirlínte sin nach mór lipéid shoiléire a bheith ar domhainbhrionnaithe.

Má fheiceann tú domhainbhrionnú ar líne, ba cheart duit é sin a thuairisciú don ardán ar a bhfaca tú é ar dtús i gcónaí. Ní cheadaíonn roinnt ardán bréagaisnéis, agus bheadh domhainbhrionnú i gceist le seo.
Mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagra ón ardán, ba cheart duit gearán/achomharc a chur chucu. Mura bhfaigheann tú freagra ón ardán, nó mura ligeann sé duit achomharc a dhéanamh, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán mar ba mhaith linn a thuiscint an bhfuil na hardáin ag cloí leis na rialacha seo nó nach bhfuil.

4

Tá teachtaireachtaí uafásacha á bhfáil agam faoi m’fhíseáin agus mo phostálacha ar líne, ina moltar dom ‘imeacht abhaile’ agus ina ndéantar tagairtí ciníocha. An féidir liom iad a thuairisciú do Choimisiún na Meán?

D’fhéadfadh tagairtí díobhálacha mar sin cur isteach go mór ar dhuine. Tuigimid nach é déine na teachtaireachta ciníche féin uaireanta, ach líon na dteachtaireachtaí mar sin a fhaightear.

Maidir le tuairisciú do Choimisiún na Meán, ní mór duit na postálacha sin a thuairisciú don ardán **ar dtús** i gcónaí. D’fhéadadh ábhar mídhleathach a bheith i bpostálacha den sórt sin, nó d’fhéadfaidís a bheith contrártha do Théarmaí agus Coinníollacha an ardáin, nó an dá cheann.

Faoin gCreat Shábhailteacht ar Líne, ní mór córas a bheith ag ardáin lena bhféadtar ábhar mídhleathach a thuairisciú, agus tá córas ar leith ag roinnt ardán freisin lena bhféadtar sáruithe ar Théarmaí agus Coinníollacha a thuairisciú. Chun níos mó eolais a fháil ar conas tuairisic a dhéanamh, breathnaigh ar ár suíomh gréasáin – www.cnam.ie/conastuairisciú

Mura bhfaigheann tú freagra ón ardán, nó mura ligeann sé duit achomharc a dhéanamh, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán mar d’fhéadfadh sé sin a bheith i gcoinne na rialacha.

# Cásanna féideartha

Coimisiún na Meán

5

Thug mé faoi deara go raibh fógraí polaitiúla ag iarrthóirí eile ar a meáin shóisialta. Ní fhaca mé aon lipéad orthu chun go mbeadh sé soiléir gur fógraí a bhí iontu. Cheap mé nach raibh a leithéid ceadaithe. An féidir liom tuairisciú do Choimisiún na Meán?

De ghnáth, is fearr tuairisciú don ardán ar dtús i gcónaí. Faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, agus leis an Rialachán maidir le Trédhearcacht agus Spriocdhíriú na Fógraíochta polaitiúla (TTPA), tá riachtannais ann i gcomhair trédhearacht fógraíocht. Ba cheart é a bheith soiléir, mar shampla, gur fógra atá san eolas a thaispeántar, an té a léirítear an fógra ar a shon/son, agus cé a d'íoc as an bhfógra.

Mura bhfuil lipéid leis an eolas sin ar fhógraí ar árdáin ar líne, ba mhaith le Coimisiún na Meán a bheith ar an eolas faoi seo. Is é ár ról a chinntiú go gcloíonn ardáin leis na rialacha seo.

6

Thóg duine éigin grianghraf de mo theach agus roinneadh ar líne é. Ansin tháinig grúpa daoine feargacha chun agóid a dhéanamh os comhair mo thí. Bhí mo leanaí istigh ann agus bhí eagla orthu. Caithfidh go bhfuil sé sin in aghaidh an dlí? An féidir liom tuairisciú do Choimisiún na Meán?

Má tá eagla ort faoi do shábháilteacht **láithreach**, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána ar 999 nó ar 112.

Ba cheart duit tuairisciú faoin duine a roinn an íomhá de do theach don Gharda Síochána agus ba cheart duit na postálacha a thuairisciú don ardán mar ábhar mídhleathach, mar d'fhéadfaí breathnú orthu mar chiapadh.

Mura bhfaigheann tú freagra in am tráthúil ó na hardáin, nó an deis chun achomharc a dhéanamh in aghaidh a gcinnidh, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán mar b'fhéidir go bhfuil sé seo in aghaidh na rialacha. Nuair a sheolann tú ríomhphost chuig politicalrep@cnam.ie, bheadh seatanna scáileáin nó URLanna ina gcuidiú chun aon chomhfhreagras a fuair tú ón ardán a léiriú, chomh maith le haon fhianaise a léiríonn nár tugadh deis duit achomharc a dhéanamh.

Coimisiún na Meán

# An chaoi le tuairisc a dhéanamh

# Ábhar a bhfuil imní ag na húsáideoirí faoi a thuairisciú

Coimisiún na Meán



Cuireann roinnt ardán ar líne ar do chumas mífhaisnéis nó bréagaisnéis a thuairisciú. Tabhair faoi deara, **ní gá go mbeadh mífhaisnéis nó bréagaisnéis mídhleathach.**

D'fhéadfá ábhar ar líne a fheiceáil nach bhfuil tú sásta leis, nó a gceapann tú nár cheart dó a bheith ar líne. Ní í gcónaí a chiallaíonn sé seo go bhfuil an t-ábhar mídhleathach. **Ba cheart duit ábhar a thuairisciú don ardán ar a bhfaca tú é más rud é go bhfuil imní ort faoi**, ach seachas an méid atá mídhleathach, tá cead a gcinn ag na hardáin a rialacha féin a shocrú maidir leis an ábhar atá ceadmhach.

San áireamh i dtreoirlínte toghcháin DSA, mar shampla, tá moltaí le haghaidh ardán chun luach airgid a bhaint d'ábhar bréagaisnéise, chun rialacha a bheith ann agus iad a chur i bhfeidhm chun pearsantú iarrthóirí a chosc agus ábhar ionramháilte, cuir i gcás domhainbhrionnuithe, a bheith inaitheanta d'úsáideoirí. Féach na roghanna tuairiscithe ar shleamhnán 12 agus tuairisciú do Choimisiún na Meán ar shleamhnán 15.

Tá dualgas dlí ar na hardáin faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) rialacha a bheith acu maidir le hábhar inghlactha agus ní mór dóibh na rialacha sin a chur san áireamh ina gcuid téarmaí agus coinníollacha, nó ina gcuid rialacha pobail. Caithfidh siad na rialacha sin a fhorfheidhmiú chomh maith. Ní mór dóibh córais a chur ar fáil do na húsáideoirí chun ábhar a mheasann siad mar shárú ar na rialacha a thuairisciú.

Níl an t-údarás ag Coimisiún na Meán ná ag aon chomhlacht poiblí eile ceangal a leagan síos gur gá ábhar a bhaint, ar an mbonn gur mífhaisnéis nó bréagaisnéis atá san ábhar, agus ar an mbonn sin amháin.

# An difríocht idir ábhar díobhálach agus ábhar mídhleathach a thuairisciú


## Físeán míniúcháin: Ábhar mídhleathach v díobhálach





www.cnam.ie/conastuairisciu

# Ábhar mídhleathach ar líne a thuairisciú faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA)

Coimisiún na Meán




Má fheiceann tú ábhar mídhleathach ar an ardán, ba cheart duit é a thuairisciú ar dtús don ardán ar a bhfaca tú é. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin méid a mheastar a bheith ina ábhar mídhleathach, féach ar shleamhnán 16. De réir an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, ní mór do na hardáin ar líne córas tuairiscithe atá áisiúil don úsáideoir a chur ar fáil ionas go bhféadfaí iad a chur ar an eolas go díreach faoi ábhar mídhleathach.



Más rud é go bhfuil an t-ábhar mídhleathach, ba chóir don ardán ar líne gníomhú ar bhealach tráthúil chun é a dhíchumasú nó é a bhaint.



Ní mór don ardán ar líne a chinneadh a chur in iúl duit, laistigh d’am réasúnta, maidir leis an ábhar a tuairiscíodh agus eolas a chur ar fáil faoi roghanna chun achomharc a dhéanamh ina aghaidh.



Má tá tú faiteach faoi do shábháilteacht **láithreach**, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána ar 999 nó ar 112.

# Cad is ábhar mídhleathach ann?

Coimisiún na Meán

| **Más ionann an t-ábhar agus:** | ***D'fhéadfadh*** **sé a bheith mídhleathach faoi:** |
|---|---|
| Baol inchreidte foréigin | An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 |
| - Cuid d'fheachtas ciaptha (an chibearbhulaíocht, mar shampla)<br>- Cumarsáid bhagrach nó thar a bheith maslach chuireann imní ort nó a dhéanann ciapadh ort | An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997<br><br>An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020 |
| Ábhar bagrach, drochídeach nó maslach ar dócha go spreagfaidh sé fuath i gcoinne grúpa daoine mar gheall ar a gcine, dath craicinn, náisiúntacht, reiligiún, dúchas eitneach nó náisiúnta, mar gheall gur baill den Lucht Siúil iad, nó mar gheall ar a gclaonadh gnéis | An tAcht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989 |
| Íomhá nár iarradh de bhaill ghiniúna duine éigin a chuireann imní, faitíos nó scanradh ar an té a fuair an íomhá | An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017 |
| Íomhá dhlúthphearsanta a roinneadh gan toiliú | An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020 |
| Ábhar a spreagann gníomhaíocht sceimhlitheoireachta nó a bhagraíonn gníomh sceimhlitheoireachta a dhéanamh | An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 |

Is éard atá sa tábla ná achoimre ardleibhéil. Ní comhairle dlí atá ann, agus ní léiríonn sé an seasamh a d'fhéadfadh a bheith ag Coimisiún na Meán i gcomhthéacs imeachtaí rialála ina bhfuil brí na bhforálacha ina húdar imní.

# An méid a theastaíonn uait chun ábhar mídhleathach ar líne a thuairisciú

Coimisiún na Meán

Agus ábhar mídhleathach á thuairisciú agat ar an ardán ar a bhfuair tú é, d’fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith ag teastáil uait:

- Míniú ar na cúiseanna a gcreideann tú go bhfuil an t-ábhar mídhleathach
- Suíomh an ábhair, cuir i gcás an/na URL(anna) beacht(a)
- D’ainm agus do sheoladh ríomhphoist
- Ráiteas ina ndeimhnítear do thuairim ionraic go bhfuil an t-eolas agus na líomhaintí atá san fhógra cruinn agus iomlán

Tabhair faoi deara, ag brath ar an ardán, go bhféadfaí tús a chur le hábhar mídhleathach a thuairisciú trí ghnáthnósanna imeachta tuairiscithe. Mar sin féin, ós rud é go maíonn tú go bhfuil an t-ábhar mídhleathach, d’fhéadfadh go mbeadh ort foirm ar leith a úsáid, ina mbeadh ort do ríomhphost agus na URLanna beachta a mheasann tú a bheith mídhleathach a thabhairt. D’fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht ann idir na foirmeacha sin ar fud na n-ardán.

# Treoracha agus físeanna ‘conas tuairisiciú’

Tá cúig threoir céim-ar-chéim, le físeanna tacaithe, a léiríonn an turas tuairiscithe iomlán agus tú ag tuairisciú ábhar díobhálach nó mídhleathach






# Conas is féidir liom teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána?

Coimisiún na Meán

## Conas is féidir liom cás éigeandála a thuairisciú?

Má tá eagla ort faoi do shábháilteacht **láithreach,** ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána ar 999 nó ar 112.

Is ionann éigeandáil agus aon eachtra a bhfuil gá le freagairt láithreach ón nGarda Síochána ina leith, mar shampla:

- Baol don bheatha
- Baol de ghortú tromchúiseach
- Coir atá ag tarlú nó ar tí tarlú
- An ciontóir fós ar an láthair nó díreach imithe uaithi.

## Conas is féidir liom coireanna eile a thuairisciú?

Chun coir nach coir éigeandála í a thuairisciú, is féidir leat dul chuig aon Stáisiún Gardaí.

Is féidir le Garda tuairisciú ar choir a ghlacadh uait in aon stáisiún.

Is féidir leat sonraí do Stáisiúin Gardaí áitiúil a fháil anseo.

Má tá aon cheisteanna agat, nó más mian leat na Gardaí a chur ar an eolas faoi eachtra nó má tá tuilleadh cabhrach uait, téigh i dteagmháil le do Chigire Idirchaidrimh Rannach. Tá cigire idirchaidrimh rannach i ngach roinn a thugann aire ar leith d'iarratasoirí atá ag seasamh i dtoghchán. Féach sleamhnán 12 eile don liosta.

## Conas is féidir liom Coir Fuatha a thuairisciú?

Cliceáil anseo chun coir fuatha ar líne a thuairisciú.

Déan aon eachtra a mheasann tú gur spreagadh ag fuath í a thuairisciú don Gharda Síochána i gcónaí.

Má tá eagla ort faoi do shábháilteacht **láithreach,** ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána ar 999 nó ar 112.

# Liosta de Chigirí mórthimpeall na hÉireann

Coimisiún na Meán

| Division | Inspector | Email |
|---|---|---|
| DMR South Central | Inspector Aidan Murphy | Aidan.P.Murphy@garda.ie |
| DMR North Central | Inspector Ken Hoare | Kenneth.a.hoare@garda.ie |
| DMR SOUTH | Inspector Nigel McInaw | Nigel.m.mcinaw@garda.ie |
| DMR NORTH | Inspector Sean Earley | Sean.p.earley@garda.ie |
| DMR EAST | Inspector Francis Gormley | Gareth.f.gormley@garda.ie |
| DMR WEST | Inspector Martin Geraghty | Martin.g.geraghty@garda.ie |
| Carlow | Inspector Conor Nolan | conor.p.nolan@garda.ie |
| Kilkenny | Inspector Alma Molloy | alma.j.molloy@garda.ie |
| Cavan/Monaghan/ Louth | Inspector Ciarán Clancy | brian.c.clancy@garda.ie |
| Clare | Inspector Andrew Lyons | andrew.p.lyons@garda.ie |
| Cork City | Inspector James Hallahan | james.a.hallahan@garda.ie |
| Cork County | D/ Inspector Eamonn Brady | eamonn.j.brady@garda.ie |
| Cork County | Inspector John O' Connell | john.ma.oconnell@garda.ie |
| Donegal | D/Inspector David Durkin | david.f.durkin@garda.ie |
| Galway | D/Inspector Brendan Carroll | Brendan.carroll@garda.ie |
| Galway County | D/Inspector Gary McEntee | Gerard.P.McEntee@garda.ie |
| Kerry | D/Inspector Liam McGraynor | liam.p.mcgraynor@garda.ie |
| Kildare | Inspector Gavin Dunphy | Gavin.m.dunphy@garda.ie |
| Laois/Offaly | Inspector Joe Culliton | Joseph.p.culliton@garda.ie |
| Limerick | Inspector Martyn Wallace | martyn.g.wallace@garda.ie |
| Mayo/Roscommon/Longford | Inspector David Jordan | david.f.jordan@garda.ie |
| Meath | Inspector Alan Roughneen | alan.t.roughneen@garda.ie |
| Sligo/Leitrim | D/Inspector Ray Mulderrig | Raymond.Mulderrig@Garda.ie |
| Tipperary | Inspector Andrew Lyons | andrew.p.lyons@garda.ie |
| Waterford | D/Inspector Donal Donohue | Donal.j.donohue@garda.ie |
| Westmeath | D/Inspector Tom Quinn | thomas.f.quinn@garda.ie |
| Wicklow | D/Inspector Seamus Ryan | Seamus.m.ryan@garda.ie |
| Wexford | D/Inspector Padhraic Roberts | Paraic.w.roberts@garda.ie |

# Ceisteanna/Gearáin chuig Coimisiún na Meán

Coimisiún na Meán

Is féidir teacht ar eolas maidir le cad ar féidir tuairisc a dhéanamh faoi anseo. Nó is féidir ár bhfoirm a líonadh anseo: www.cnam.ie/ga/tuairisc

**Tacaigh & Tuairiscigh** – Tionscnamh chun cúnamh a thabhairt d'iarrthóirí sa toghchán, chomh maith le próiseas soiléir chun aghaidh a thabhairt ar iompraíocht dhíobhálach nó mhídhleathach ar líne le linn na tréimhse toghcháin. Tá sé d'aidhm aige daoine a spreagadh chun iompraíocht den sórt sin a thuairisciú.

**Seol ríomhphost chugainn:** PoliticalRep@cnam.ie

www.cnam.ie/ga/Tuairisc

Tuigimid go bhfuil ganntanas ama ann le linn tréimhsí toghcháin. Más rud é go bhfuil fadhb feicthe agat maidir le hábhar ar líne, tabharfaimid tús áite do fhreagairtí chuig an seoladh ríomhphoist thuas.

**Tabhair faoi deara:** Cé go bhfuil sé mar chuid de shainchúram Choimisiún na Meán measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil a ndualgais faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha á gcomhlíonadh ag soláthraithe seirbhísí ar líne, níl sé mar chuid de shainchúram Choimisiún na Meán ról modhnóireachta ábhair a chomhlíonadh, feidhmiú mar chomhlacht achomhairc maidir le cinntí sholáthraithe na seirbhísí ar líne i ndáil le hábhar mídhleathach, ná feidhmiú mar bhreitheamh i ndíospóireachtaí idir páirtithe éagsúla nó úsáideoirí éagsúla faoi ábhar mídhleathach. Ciallaíonn sé sin freisin nach bhfuilimid in ann ábhar a bhaint ar an bpointe boise ná go díreach, agus is é an chaoi is tapa chun d'fhadhb a réiteach ná tríd an ardán é féin. Is é an ról atá againn ná a chinntiú go bhfuil córais ghearáin i bhfeidhm ag na hardáin agus go bhfuil siad á n-oibriú go dúthrachtach.

# Má tá easaontas ann i leith cinneadh na nárdáin

# Faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, tá sé de cheart agat achomharc/gearán a dhéanamh

Mura bhfuil tú sásta le cinneadh an ardáin ar líne faoi do thuairisc, ní mór don ardán ar líne córas achomhairc atá áisiúil don úsáideoir a chur ar fáil, saor in aisce.

Tá 6 mhí agat ó dháta an chinnidh chun achomharc a chur chuig an ardán ar líne.

Ní mór don ardán ar líne a chinneadh a chur in iúl duit maidir leis an achomharc chomh maith lena chúiseanna leis gan an iomarca moille. Ní mór dó tú a chur ar an eolas freisin faoi na roghanna atá agat chun tuilleadh achomhairc a dhéanamh mura bhfuil tú sásta fós.

Má chreideann tú nach bhfuil oibleagáidí an ardáin ar líne comhlíonta aige faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, is féidir leat gearán a dhéanamh le Coimisiún na Meán.

# Faoin DSA, tá sé de cheart agat cinneadh ardáin a dhíospóid

Coimisiún na Meán

Mura bhfuil tú sásta le cinneadh an ardáin ar líne, mar shampla, maidir le do thuairisc nó le cinneadh chun d'ábhar nó rochtain a shrianadh – is féidir leat díospóid a thaisceadh le Comhlacht deimhnithe um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt (ODS).

Tá riachtanas ar Chomhlacht ODS deimhnithe a chinntí a chur ar fáil do na páirtithe laistigh de thréimhse réasúnta ama agus tráth nach déanaí ná 90 lá féilire tar éis an gearán a fháil.

Is féidir leat Comhlacht ODS a roghnú bunaithe ar an saineolas a bhaineann le do dhíospóid, réimse amháin nó níos mó d'ábhar mídhleathach san áireamh, nó forfheidhmiú théarmaí agus choinníollacha an ardáin chomh maith leis an gcineál ardáin ar líne atá i gceist.

Tá go leor buntáistí ag baint le Comhlacht ODS a úsáid, ar nós éifeachtúlacht costais, luas réitigh, athbhreithniú neamhspleách agus neamhchlaonta ar dhíospóidí. Cuirtear na seirbhísí ODS ar fáil d'úsáideoirí ar líne saor in aisce nó ar tháille ainmniúil. Coinníonn an t-úsáideoir a cheart an t-ábhar a thabhairt chun cúirte tráth ar bith.

# Cad iad comhlachtaí ODS agus conas a oibríonn siad?

Coimisiún na Meán

Is cineál sásaimh atá ar fáil d’úsáideoirí ardáin ar líne faoin DSA iad **Comhlachtaí Deimhnithe um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt (ODS).**


Tá comhlachtaí ODS deimhnithe sa stát ina bhfuil siad bunaithe, ach tá an deimhniú bailí ar fud an AE.

Níl an chumhacht acu socrú ceangailteach a fhorchur ar an díospóid.

Níl an t-úsáideoir ná an t-ardán ar líne faoi c heangal ag cinneadh chomhlachta ODS.

Tá liosta de na comhlachtaí ODS uile atá deimhnithe i mballstáit an AE ar fáil ar **shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.**

Tá faisnéis faoi chomhlachtaí ODS deimhnithe ag Coimisiún na Meán ar fáil ar ár **suíomh gréasáin.**




Léirítear sa ghrafaic eolais seo cás meánach ina n-easaontaíonn úsáideoir le cinneadh ardáin, agus na bealaí is coitianta chun cúiteamh a dhéanamh a d’fhéadfadh siad a leanúint.

# Tacaíocht eile duitse

# An Tionscnamh 'Tacaigh & Tuairiscigh'

## Tacaigh

**Comharthaíocht chuig acmhainní ábhartha:**

- www.womenforelection.ie
- An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála
- www.electoralcommission.ie/framework
- Rialáil na fógraíochta polaitiúla - Coimisiún Toghcháin
- An Coimisiún Eorpach: Treoirlínte
- www.bemediasmart.ie/ga/
- www.factchecking.ie
- Grafaic Fáisnéise – Coimisiún na Meán

## Tuairiscigh

Cuireann an córas tuairiscithe próiseas struchtúrtha ar fáil d'iarratasóirí chun bagairtí agus ciapadh ar líne a thuairisciú.

**An t-Ionad Teangmhála:** Ar fáil ó Luan go hAoine ó 8 a.m. go dtí 6 p.m., déan teagmháil le PoliticalRep@cnam.ie. Tá foireann san ionad a bheidh ábalta eolas a thabhairt duit faoi struchtúir agus seirbhísí tacaíochta a oirfidh do do riachtanais. Is féidir an foirm a usáid freisin: https://www.cnam.ie/ga/Tuairisc

Féadfaidh an Garda Síochána an seoladh ríomhphoist sin a úsáid freisin chun Coimisiún na Meán a chur ar an eolas faoi aon eachtra a tharlaíonn le linn na tréimhse toghcháin.

**!** Má tá eagla ort faoi do shábháilteacht **láithreach**, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána ar 999 nó ar 112.

# Cad is féidir leat a dhéanamh/Conas is féidir leat cabhrú

Coimisiún na Meán

Má tá ábhar mídhleathach á thuairisciú agat, iarrfar ort seoladh ríomhphoist a sholáthar, mar sin is fearr go dtagann sé ón duine a ndearnadh dochar dó/di, seachas ó thríú páirtí.

Déan ábhar díobhálach a thuairisciú don ardán. Is féidir leat é sin a dhéanamh ar son do chomhghleacaí.

Tacaigh le do chomhghleacaithe, éist leo agus bí ann dóibh. Mol dóibh teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána, más cuí sin. Féach ar phacáiste tacaíochta do pháirtí, má tá ceann.


**Cad is féidir leat a dhéanamh chun cabhrú le daoine eile ar líne**

# Tuairisciú don Gharda Síochána – Tar éis na Tréimhse Toghcháin

Coimisiún na Meán

Aithníonn Coimisiún na Meán agus an Garda Síochána **gur tréimhse ghnóthach d’iarrthóirí í an tréimhse toghcháin, agus cuirtear i gcuimhne dóibh gur féidir leo bagairtí, ciapadh nó aon ghníomhaíocht choiriúil fhéideartha eile a thuairisciú don Gharda Síochána tar éis an toghcháin freisin.** Tá sé tábhachtach fianaise, ar nós gabhálacha scáileáin etc. a fháil agus a choinneáil maidir leis sin.

## Ba cheart a áireamh san eolas sin:




| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Na bagairtí ar leith a rinneadh | Cé a rinne iad (más eol) | An t-am a rinneadh na bagairtí | Seatanna scáileáin ábhartha | Suíomh an ábhair, cuir i gcás an/na URL(anna) beacht(a) | Sonraí na teagmhála leis an ardán/na hardáin |

# An tEolas agus an Tacaíocht atá ar Fáil d’Iarrthóirí maidir le Toghcháin ó Ardáin


Coimisiún na Meán

Meta




Mol tacaíochta ar Meta (Facebook/Instagram - Déan teagmháil le: Meta Support Pro)

TikTok





Ionracas toghcháin ar TikTok

YouTube




Beartais le haghaidh mífhaisnéis toghcháin ar Youtube

Bing




Chun meáin mhealltacha atá ginte ag IS agus ag a bhfuil tionchar ar d’fheachtas toghcháin a thuairisciú ar Bing

# Aguisín

# Céard é Creat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann?

Coimisiún na Meán

## An Creat Sábháilteachta ar Líne

### An tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán (OSMR)

### An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA)

Rialachán AE a bhfuil sé d'aidhm aige timpeallacht shábháilte, chothrom agus iontaofa a chruthú ar líne

De réir an dlí, ní mór d'ardáin:

- córais tuairiscithe atá éasca le haimsiú agus éasca le húsáid a bheith acu (lena n-áirítear cúiseanna a thabhairt le do phostáil a bhaint nó a fhágáil ann)
- a leagadh amach ina gcuid Téarmaí agus Coinníollacha conas a oibríonn a gcuid algartaim
- iniúchtaí seachtracha a dhéanamh ar bhearta maolaithe riosca (e.g. an méid atá á dhéanamh acu chun a chinntiú go bhfuil a n-ardáin sábháilte)
- fógraí a lipéadú go soiléir.

### Cód Sábháilteachta ar Líne (OSC)

Cód Éireannach a bhaineann le soláthraithe ardán comhroinnte físeán (VSPanna) atá lonnaithe in Éirinn.

Ní mór do VSPanna a lua go soiléir ina dTéarmaí agus Coinníollacha nach gceadaítear ábhar mídhleathach nó díobhálach.

Ní mór do VSPanna céimeanna a ghlacadh chun ábhar físeáin mídhleathach agus díobhálach a bhaint nuair a thuairiscítear dóibh é.

Ní mór do VSPanna (de réir mar is cuí):

- beart agus uirlisí um literathacht sna meáin éifeachtacha a bheith acu
- Aird a tharraingt ar na beart agus na huirlisí seo d'usáideoirí

### An Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR)

Rialachán AE a bhfuil sé d'aidhm aige stop a chur le comhroinnt ábhair sceimhlitheoireachta ar líne, agus lena n-éascaítear ábhar den chineál sin a bhaint go tapa ó ardáin.

Áirítear ar ábhar sceimhlitheoireachta gníomhaíocht sceimhlitheoireachta a chur chun cinn, a mholadh agus a spreagadh, chomh maith le daoine eile a ghlaoch chun gnímh le bheith páirteach i ngníomhartha den sórt sin.

Mar an t-údarás inniúil in Éirinn faoin Rialachán, is é an Garda Síochána an t-aon eagraíocht ar féidir iallach a chur ar ardán ábhar sceimhlitheoireachta a bhaint. Bíonn uair an chloig ag an ardán an t-ábhar a bhaint nuair a eisíonn na Gardaí rabhadh.

# Cad iad na seiribhísí ar líne a mbaineann na dlíthe seo leo?

Coimisiún na Meán

**Gníomh um Sheirbhísí Dhitigeacha um Aontais Eorpaigh**

**VLOPS**
Ardán an-mhór, lonnaithe in Eirinn amháin

**VLOSEs**
Innill churdaigh an-mhór ar líne lonnaithe in Eirinn amháin

**Soláthraí seirbhísí ar líne agus ardáin eile**
Ardán le níos lú ná 45 milliún usáideoirí (lonnaithe in Eirinn amháin)

**Cód Sábhailteacht ar Líne (OSC)**

**Ardán chomhroinnte físeán, lonnaithe in Eirinn amháin**

**An rialacháin maidir le hAbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR)**

**HSPs**
Soláthraí seirbhísí ostála - poiblí amháin)
Tugann na seirbhísi seo an seans duit sonraí a stóráil agus a roinnt ar líne

Tabhair faoi deara: Ní chlúdaíonn sainchúram Choimisiún na Meán na meáin chlóite. Tá sin á riálú ag Ombudsman an Phreasa.


# Do chearta faoin gCreat Shábhailteachta ar Líne

Coimisiún na Meán

## An ceart chun cosaint a fháil ar dhíobháil


Ní mór **eolas soiléir** a bheith ag ardáin ina dTéarmaí agus Coinníollacha faoin gcaoi a n-oibríonn a gcórais moltaí (m.sh. fothaí 'duitse').

Ba cheart d'usáideoirí a rogha 'fothaí' a athrú go héasca nó an fothaí is fearr a roghnú dóibh féin agus ba cheart d'ardáin **níos mó smachta a thabhairt d'usáideoirí ar chéard a fheiceann siad ar líne**.











## An ceart chun tuairisciú a dhéanamh

Tá sé táchachtach ábhar díobhálach nó mídhleathach a thuairisciú don ardáin ar a bhfaca tú é ar dtús.

Ba cheart go mbeadh an córas tuairiscithe éasca le húsáid agus éasca le haimsiú.

## An ceart chun tú féin a chur in iúl

Má bhaineann ardán do chuid ábhair anuas, tá sé de cheart agat tuiscint a bheith agat ar an gcúis leis sin agus achomarc a lorg ar an gcinneadh sin.



# Conas ardáin a choinneáil freagrach

Coimisiún na Meán

## Fainic, Seol Tuairisc, Seas Roimhe

Is féidir le do ghuth agus rannpháirteachas an t-idirlíon a aistriú ina spás níos fearr.




Feachtas feasachta poiblí Choimisiún na Meán, **Fainic, Seol Tuairisc, Seas Roimhe.**

Bíodh lámh agat ann – tuairiscigh ábhar mídhleathach agus díobhálach do na hardáin!

Mura bhfuil tú cinnte conas tuairisciú, déan teagmháil le hionad teangmhála Choimisiún na Meán ag politicalrep@cnam.ie nó breathnaigh ar www.cnam.ie/conastuarisiciú

Má tá fadhb agat ar líne, tuairiscigh an tsaincheist i gcónaí don ardán ar dtús.

Dá mhéad ceisteanna agus eolais a fhaigheann Coimisiún na Meán ón bpobal, is ea is fearr is féidir leis a chuid oibre a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil na hardáin ag cloí leis na rialacha.

# Cad é an Rialachán maidir le Trédhearcacht & Spriochdhíriú na Fógraíochta Polaitiúla (TTPA)?

Coimisiún na Meán

- Tháinig an Rialachán maidir le Trédhearcacht & Spriocdhíriú na Fógraíochta Polaitiúla nó TTPA i bhfeidhm ar an **10 Deireadh Fómhair** agus is é an aidhm atá leis ná a chinntiú go mbeidh fógraí polaitiúla níos trédhearcaí. Cabhróidh sé seo leis an bpobal roghanna eolasacha a dhéanamh faoi, mar shampla, toghcháin, mar go mbeidh sé níos éasca dóibh fógraí polaitiúla a aithint.
- Is éard atá mar sprioc ag an lipéadú ar na fógraí seo ná an pobal a chur ar an eolas faoin duine, grúpa nó eagraíocht taobh thiar den fhógra, chun go mbeadh siad ar an eolas má tá fógra polaitiúil spriocdhírithe faighteacu.
- Baineann TTPA le fógraíocht pholaitiúil ar líne agus as líne.

## Céard iad na riachtanais a bhaineann le lipéadú agus trédhearcacht le haghaidh gach fógra polaitiúil, faoin TTPA?

**Ní mór do gach fógra polaitiúil:**

- ✓ A léiriú go soiléir sa teachtaireacht gur fógra polaitiúil é
- ✓ Ainm urraitheoir an fhógráin, agus nuair is infheidhme, an t-eintiteas a bhfuil smacht aige ar an urraitheoir
- ✓ De réir mar is infheidhme, an toghchán, reifreann nó próiséas rialála lena mbaineann an fógrán
- ✓ De réir mar is infheidhme, ráiteas maidir le cé acu ar úsáideadh nó nár úsáideadh teicnící spriocdhírithe nó teicnící seachadta fógráin.
- ✓ Fógra trédhearcachta nó nasc soiléir chuig fógra trédhearcachta.
- ✓ A bheith feiceálach agus curtha in oiriúint don mheán.
- ✓ Ba chóir go bhfanfaidh an lipéad san áit chéanna nuair a scaiptear an fógra.

# Cé atá freagrach as an TTPA a rialú in Éirinn?



### Cén chumhacht a thugtar don Choimisiún faoi TTPA?

Is féidir leis an gCoimisiún, mar shampla, oifigigh údaraithe a cheapadh, tabhairt faoi imscrúduithe, fógraí comhlíontachta a eisiúint, agus pionóis riaracháin airgeadais a fhorchur.

Is é **Coimisiún na Meán** an t-údarás inniúil ainmnithe chun rialáil a dhéanamh ar na heintitis a ndéanann sé rialáil orthu cheana féin. Áirítear leo sin ardáin ar líne (meáin shóisialta agus innill chuardaigh san áireamh), craoltóirí agus seirbhísí físeáin ar éileamh.

Déanann an **Coimisiún um Chosaint Sonraí** rialáil ar na rialacha a bhaineann le teicnící seachadta fógráin agus trédhearcacht theicnící seachadta fógráin a mbíonn sonraí pearsanta i gceist leo.

Tá an **Coimisiún Toghcháin** freagrach as rialáil a dhéanamh ar aon ábhar nach dtagann faoi shainchúram Choimisiún na Meán ná an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, lena n-áirítear nuachtáin, postaeir, bileoga eolais agus spásanna poiblí (mar shampla, cláir fógraí, scáthláin bus agus bratacha san áireamh).

Coimisiún na Meán

www.cnam.ie